RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1444 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Lúnasa 2022

maidir le neamh-fhormheas ghallúnach dhubh E470a mar shubstaint bhunúsach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(2) i gcomhar le hAirteagal 23(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Feabhra 2020, fuair an Coimisiún iarratas ón Institut Technique de l'Agriculture Biologique ("an t-iarratasóir") ar fhormheas ghallúnach dhubh E470a mar shubstaint bhunúsach lena húsáid i gcosaint plandaí mar fheithidicíd ar bharra curaíochta, leapacha bláthanna ornáideacha, plandaí tí, crainn phlandaí, plandaí adhmadacha ornáideacha, barra ornáideacha, barra glasraí, barra caorthorthaí, barra torthaí póma, torthaí cloiche agus barra crann olóige; agus mar fhungaicíd ar ghlasraí agus ar bharra plandaí ornáideacha. I mí Mheán Fómhair 2020 agus i mí Feabhra 2021, fuair an Coimisiún iarratais athbhreithnithe, a raibh an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 23(3), an dara fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ag gabháil leo.

(2) Bhí dhá mheastóireacht ábhartha ar fáil, a rinneadh i gcomhréir le reachtaíocht eile de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, eadhon, meastóireacht ó Phainéal ANS an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ([2]) agus conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ón Údarás ([3]). Chuir an tÚdarás agus an Coimisiún araon toradh na meastóireachtaí sin san áireamh.

(3) D'iarr an Coimisiún cúnamh eolaíochta ar an Údarás. An 12 Lúnasa 2021 ([4]) chuir an tÚdarás tuarascáil theicniúil ar fáil don Choimisiún maidir le gallúnach dhubh E470a. Chinn an tÚdarás, cé nach bhfuil aon aicmiú comhchuibhithe Aontais ar fáil san fhardal aicmithe agus lipéadaithe ([5]) ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA), is í an phríomhghuais a bhaineann le gallúnach dhubh E470a a hairíonna greannaithe/creimneacha.

(4) Thug an tÚdarás dá aire freisin nár chuir an t-iarratasóir aon fhianaise ar fáil go gcuirtear an tsubstaint a bhfuil an formheas á lorg ina leith ar an margadh i dtáirgí a chomhlíonann sonraíochtaí bhreiseáin bia E470a.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Painéal ANS EFSA (Painéal EFSA um Breiseáin agus Foinsí Cothaitheacha a chuirtear le Bia), Younes M, Aggett P, Aguilar F, Crebelli R, Dusemund B, Filipic M, Frutos MJ, Galtier P, Gott D, Gundert-Remy U, Kuhnle GG, Leblanc J-C, Lillegaard IT, Moldeus P, Mortensen A, Oskarsson A, Stankovic I, Waalkens-Berendsen I, Woutersen RA, Wright M, Boon P, Chrysafidis D, Gürtler R, Mosesso P, Parent-Massin D, Tobback P, Cascio C, Rincon AM and Lambré C, 2018. Tuairim Eolaíoch maidir le hath-mheastóireacht ar shalainn sóidiam, photaisiam agus chailciam d'aigéid shailleacha (E 470a) agus ar shalainn mhaignéisiam d'aigéid shailleacha (E 470b) mar bhreiseáin bhia. *Iris EFSA* 2018;16(3):5180, 34 lch. DOI: https://doi.org/10.2903/j.efsa.2018.5180.

([3]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2013. Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance Fatty acids C7 to C18 (approved under Regulation (EC) No 1107/2009 as Fatty acids C7 to C20) [Conclúidí maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach Aigéid shailleacha C7 go C18 (arna bhformheas faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 mar Aigéid shailleacha C7 go C20)]. EFSA Journal [*Iris EFSA*] 2013;11(1):3023. [62 lch.] doi:10.2903/j.efsa.2013.3023.

([4]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2021. Tuarascáil theicniúil ar thoradh an chomhairliúcháin leis na Ballstáit agus le EFSA maidir leis an iarratas ar fhormheas ghallúnach dhubh E470a mar shubstaint bhunúsach lena húsáid i gcosaint plandaí mar fheithidicíd ar bharra curaíochta, leapacha bláthanna ornáideacha, plandaí tí, crainn phlandaí, plandaí adhmadacha ornáideacha, barra ornáideacha, barra glasraí, barra caorthorthaí, barra torthaí póma, torthaí cloiche agus barra crann olóige; agus mar fhungaicíd ar ghlasraí agus ar bharra plandaí ornáideacha. Foilseachán tacaíochta EFSA 2021:EN-6834. 87 lch. doi:10.2903/sp.efsa.2021.EN-6834.

([5]) C&L Inventory (europa.eu).

(5) Ina theannta sin, i bhfianaise na heaspa sonraí, ní fhéadfadh an tÚdarás a mheasúnú ar rioscaí neamhchothaitheacha d'oibreoirí, d'oibrithe, do dhaoine ar an láthair agus do chónaitheoirí a chur i gcrích. Thairis sin, ní fhéadfaí measúnú riosca cainníochtúil do thomhaltóirí trí iontógáil chothaithe agus trí uisce óil a thabhairt chun críche.

(6) Rinne an Coimisiún an tuarascáil athbhreithnithe, lena gcinntear nach bhfuil na critéir formheasa le haghaidh substaintí bunúsacha á gcomhlíonadh i gcás ghallúnach dhubh E470a agus gurb iomchuí, dá bhrí sin, gan í a fhormheas mar shubstaint bhunúsach, mar aon le dréacht den Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chur faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 30 Márta 2022 agus an 18 Bealtaine 2022, faoi seach.

(7) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha féin a chur isteach i leith thuarascáil theicniúil an Údaráis agus i leith dhréacht-tuarascáil athbhreithnithe an Choimisiúin. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.

(8) Mar sin féin, in ainneoin na n-argóintí a rinne an t-iarratasóir, ní fhéadfaí deireadh a chur leis na hábhair imní a bhaineann le sábháilteacht úsáid na substainte sin maidir le sláinte an duine a chosaint.

(9) Dá thoradh sin, ní rud é a suíodh go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 comhlíonta. Dá bhrí sin, is iomchuí gan gallúnach dhubh E470a a fhormheas mar shubstaint bhunúsach.

(10) Leis an Rialachán seo, ní chuirtear cosc ar iarratas eile a chur isteach maidir le gallúnach dhubh E470a a fhormheas mar shubstaint bhunúsach i gcomhréir le hAirteagal 23(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(11) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tsubstaint gallúnach dhubh E470a, ní fhormheastar í mar shubstaint bhunúsach.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN